Údarás na Gaeltachta

# Bainisteoir Tograí

**Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta ar bhunús conradh sainchuspóra suas le 3 bliana do Bhainisteoir Tionscadal, a bheidh freagrach as sraith tionscadail caipitil an Údaráis, lena n-áirítear Ionad Pobail Mhaigh Cuilinn.**

**An Ról:**

- Bainistiú raon tionscadal caipitil an Údaráis ar fud na Gaeltachta, lena n-áirítear Ionad Pobail Mhaigh Cuilinn
- Comhordú leis an nGrúpaí Comhairleach Tionscadail, foirne tógála/deartha agus Rannóg Maoine
- Tuairisciú don Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe agus Roinn na Gaeltachta
- Comhordú le cuideachtaí, tionóntaí agus foirne deartha maidir le tionscadail agus saincheisteanna maoine
- Bainistiú taifead, doiciméadú agus slándáil sonraí a chinntiú
- Maoirseacht ar Chláir Thógála agus ar Phleananna Gnó do na tionscadail éagsúla
- Bainistiú Riosca agus Caighdeáin do na tionscadail
- Cumarsáid éifeachtach a dheánamh leis na páirtithe leasmhara uile
- Cruinnithe a eagrú agus tacaíocht riaracháin a sholáthar
- Oibriú le Rannóga eile chun na córais riachtanacha a reáchtáil

**Bheadh na tréithe a leanas ag sáriarrthóir ar an bpost:**

- Cáilíocht 3ú Leibhéal (ar a laghad Leibhéal 8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí)
- Taithí ghairmiúil trí bliana ar a laghad i réimse bainistíochta tionscadal, riaracháin phoiblí nó airgeadais
- Eolas cuimsitheach ar bhainistíocht airgeadais, taifid agus próisis riaracháin
- Sárscileanna comhordaithe agus cumarsáide le páirtithe leasmhara éagsúla
- Líofacht i nGaeilge agus i mBéarla, idir scríofa agus labhartha
- Taithí ar bhainistiú córais agus próisis
- Cumas oibriú go neamhspleách agus mar bhall d'fhoireann

Is post ar chonradh sainchuspóra é seo. Tá scála tuarastail ag grád Príomhoifigeach Cúnta idir €83,113 - €103,576 ag dul leis an bpost. Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail agus nach féidir é a phlé agus gur féidir go n-athrófar an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.

Iarrtar ar iarratasóirí CV agus litir chumhdaigh Gaeilge a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie
https://udaras.ie/oiliuint-fostaiocht/fostaiocht/poist-udaras-na-gaeltachta/

Glacfar le hiarratais go dtí **4:00 Dé hAoine, 25 Meán Fómhair 2026.**

*Is fostóir comhionannas é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.*